

## Bileog 10.1a

### An preas

Bí ag obair leis an duine in aice leat – féachaigí ar an fhoclóir sa bhosca thíos a bhaineann leis an phreas. An dtuigeann sibh gach téarma? An féidir libh cur leis an liosta?

Foilseacháin	Taobh istigh d'fhoilseacháin	Daoine a oibríonn leis an phreas
Foilsíú Nuachtán laethúil Nuachtán Domhnaigh Nuachtán seachtainiúil Iris choicísíúil Iris mhíosúil Tréimhseachán Paimfléad Eagrán	Forlónadh/forlonta Alt/ailt Gné-alt/gné-ailt Fógraíocht Léirmheas/léirmheasanna Mír nuachta/míreanna nuachta Ceannlíne/ceannlínte Litreacha chuig an eagarthóir An t-eagarfhocal An crosfhocal	Eagarthóir Tuairisceoir/tuairisceoirí Iriseoir/iriseoirí Saoririseoir/saoririseoirí Comhfhreagraí polaitiúil/spóirt

### Stór focal

### An Preas

- Déan ransú intinne leis an duine in aice leat ar na foilseacháin ar fad a bhíodh ann i nGaeilge. Ná déanaigí dearmad ar na cinn atá ar fáil ar an idirlíon chomh maith!
- Pléigh na ceisteanna seo a leanas leis na daoine i do ghrúpa:
  - Cé chomh minic is a léann tú páipéar nuachta?
  - An bhfaigheann tú do chuid nuachta ar líne, nó an léann tú an páipéar nuachta féin?
  - Cad é an páipéar nuachta is fearr in Éirinn, dar leat?
  - Cén ról atá ag nuachtáin sa tsochaí go ginearálta, dar leat?
  - An ndéantar cinsireacht ar an nuacht sa tír seo, dar leat?
  - An síleann tú go bhfuil ré an pháipéir nuachta thart?
  - An mbíonn an nuacht sa tír seo claonta, dar leat?
  - Cén tábhacht a bhaineann le colún Gaeilge a bheith san *Irish Times*, dar leat?
  - Cad a cheapann tú faoi iriseoireacht na Gaeilge go ginearálta?
  - Cad iad na slite ina bhféadfá foilseacháin i nGaeilge a úsáid chun feabhas a chur ar do chuid Gaeilge?

### Plé

## Bileog 10.1b

### An preas

Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi cheiliúradh cead caoga bliain an *Irish Times*. Ar dtús bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí an méid atá ar eolas agaibh faoi na daoine seo:

### Réamhobair éisteachta

Myles na gCopaleen  
Máirtín Ó Cadhain  
Breandán Ó hEithir



**An preas**

**Éisteacht**

Féach ar an tuairisc anois agus déan na cleachtaí seo:

- (a) Scríobh i gcúpla abairt cad é ábhar na míre.
- (b) Cad a bhí le rá ag Regina Ní Chollatáin agus Deaglán de Bréadún?
- (c) Bíonn foirmle faoi leith i gceist le míreanna nuachta mar seo. Féach ar an mhír arís – an féidir leat an fhoirmle seo a fheiceáil? Mar shampla – bíonn intreoir i gcónaí ann a thugann le fios cad é ábhar na míre.

Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

**An preas**

**Teanga**

Anois, ag obair leis an duine in aice leat arís – féachaigí ar an chéad dá líne ón script agus pléigí na pointí gramadaí suntasacha ar fad atá le feiceáil iontu.

**‘céad caoga bliain’** Cén fáth a bhfuil an t-ainmfhocal **bliain** san uimhir uatha anseo?

**‘colúnaí – colúnaithe’** Breac síos cúpla focal eile ar nós an fhocail thuas a athraíonn mar seo san uimhir iolra.

Tá ceiliúradh céad caoga bliain an *Irish Times* ar bun an tseachtain seo le forlíontaí breise ag déanamh cur síos ar stair an pháipéir. Tá suntas tugtha do cholúnaithe Gaeilge a bhí san *Irish Times*, daoine mar Myles na gCopaleen, Máirtín Ó Cadhain agus Breandán Ó hEithir.

**‘mar Myles na gCopaleen’** Cén fáth nach bhfuil séimhiú ar **Myles** anseo mar a bheifeá ag súil?

**‘tugtha’** – Cén ghné den ghramadach é seo? Cad é an ghné chéanna de na briathra seo: *déan/bain/mol/ceannaigh/léigh/faigh*

**Bileog 10.2a**

**An preas**

**Ceannlínte**

Féach féin agus an duine in aice leat ar na ceannlínte seo a bhí ar shuíomh idirlín [www.tuairisc.ie](http://www.tuairisc.ie). Pléigí aon eolas atá agaibh faoi ábhar na scéalta. Mura bhfuil aon eolas agaibh fúthu, cumaigí na scéalta a cheapann sibh a théann leis na ceannlínte.

<p><b>1. Líon na bpost nua sa státseirbhís i 2014 – 589... líon na bpost sin le riachtanas Gaeilge – 0</b> le Maitiú Ó Coimín De réir iniúchta atá déanta ag Tuairisc.ie, ní raibh inniúlacht sa Ghaeilge ina riachtanas le hoiread is post amháin a fógraíodh sa Státseirbhís le linn na bliana seo caite.</p>	<p><b>2. Gaeilge phidsin na hArdteiste: buille maraithe na litríochta agus anam na teanga</b> le Máire Ní Fhinneadhá Tá an cur chuige maidir le Gaeilge na hArdteiste diúltach agus tá an bonn atá faoi bréagach, a deir ár gcolúnaí, tar éis di scrúdú a dhéanamh ar pháipéir Bhéarla agus Ghaeilge na bliana seo.</p>
<p><b>3. ‘Dá mbeadh spré ag an gCATT’ – achrann acrainmneacha le hAntain Mac Lochlainn</b> Tá bua na gontachta sa ghiorrúchán nuair a úsáidtear go tuisceanach is go spárálach é, ach tá acrainmfóibe ag teacht ar ár gcolúnaí bocht...</p>	<p><b>4. Ní bhfuair Christy O’ Connor deis riamh imirt san Augusta Masters, ach d’imir sé in aghaidh phlúir ghalfairí SAM</b> le Mártan Ó Ciardha Bhuaigh sé na déaga de na comórtais ghairmiúla gailf ba mhó a bhí sa tír seo agus sa mBreatain agus ba é a thug leis an duais ba mhó a tairgeadh sa spórt go dtí sin nuair a bhuaigh sé an John Player Classic.</p>

## Bileog 10.2b

### An preas

Féach féin agus an duine in aice leat ar an alt seo thíos ón *Irish Times* – cumaigí ceannlínte (ná téigh thar 5 fhocal) faoi gach alt sa sliocht agus sibh ag léamh. Scríobhaigí na ceannlínte sna boscaí tugtha.

### Léamh

#### Slán le dath bréige le Caoimhe Ní Laighin

*Teastaíonn uaim a rá le mná na hÉireann gan donnú bréige a úsáid..*

Úsáideann go leor daoine na meáin mar bhosca faoistine, ag sceitheadh a gcuid rún príobháideach dorchais leis an bpobal. Táimse chun an traidisiún sin a leanúint inniu agus rud ollmhór pearsanta a insint dóibh: théis blianta clampracha callóideacha a chaitheamh i mbun caidreamh casta leis an mbuidéal, táim chun droim láimhe a thabhairt leis. Táim chun éirí as. Táim chun aghaidh a thabhairt ar an saol gan an maide croise seo.

Isteach leat sa mbosca bruscair, Saint Tropez! Tá críoch leat, Fake Bake. Agus cé go mbriseann sé mo chroí, m'anamchara Johnson and Johnson Holiday Skin, tá tusa sa gcatagóir céanna chomh maith; ní thig leis an té atá tugtha don ól leanúint ar aghaidh ag alpadh siar Coors Light.

Níl mórán ceachtanna foghlamtha agam ar an saol seo. Táimse ar cheann de na lucha dúra sa tsaotharlann, ag déanamh an bhotúin chéanna arís agus arís eile.

Tá píosa amháin saineolais ag an dalldramán seo, áfach. Agus – ach an oiread le Baz Luhrmann – baineann sé leis an ngrian, nó le heaspa gréine: teastaíonn uaim a rá le mná na hÉireann gan donnú bréige a úsáid.

Teastaíonn uaim é a rá leis an mbean óg dhathúil a bhfuil an chuma sin ar a lámha go gcaitheann sí 40 Superkings in aghaidh an lae; teastaíonn uaim é a rá leis an scuaine ban atá ag fanacht sa sciamhlann le haghaidh seisiúin faoin bpéint spraeála; teastaíonn uaim a screadadh le gach bean ag gach bainis: “Orange is not the New Black.”

Is duine bán mise. Tá dath an bháis orm, i bhfírinne. Ach tá 20 bliain caite agam ag dul timpeall amhlaidh is go bhfuilim théis filleadh ó choicís in Hondúras. Seachtain shalach (agus ní sa chiall chorraitheach, ar an drochuair) in Hondúras.

Ceithre bliana déag a bhíos nuair a mealladh mé isteach ar dtús. Bhí mo dheirfiúr le pósadh agus bhí mise le seasamh léi in éindí le deirfiúr eile agus cara leo. Bhí siadsan uilig sna 20í agus duine óg soineanta a bhí ionamsa. Ghlac mé lena gcuid comhairle go fonnmhar, mar sin, nuair a dúirt siad liom triail a bhaint as táirge iontach úrnua: donnú bréige a dhéanfadh é féin a fhorbairt thar oíche.

Tá sé deacair é a chreidiúint anois mar go bhfuil a leithéid de tháirge ar an margadh le fada ach níor thuig muid an chontúirt a bhí ag baint leis an tionscadal seo ag an am.

Ní raibh teicnic ar bith againn. Chuireamar an donnú ar ár n-aghaidheanna agus ár gcolainn de réir mar a thit sé. Agus rinneamar meancóg bhunúsach: níor nigh muid ár lámha ina dhiaidh.

Dhúisigh m'athair an mhaidin dár gcionn go scata ban a bhí ag caoineadh. Bhí mearbhall air faoi céard go díreach a bhí ag tarlú. Bhí mo mháthair ag caint faoin mbainis a chur ar ceal agus bhí deartháir curtha go dtí an siopa crua-earraí i Ráth Maoinis le biotáille mheitileach a cheannach. Ní raibh m'athair bocht in ann aon chiall a bhaint as na himeachtaí a bhí ag titim amach os a chomhair.

Go háirithe nuair a chas a iníon – an bhrídeach – timpeall agus an chuma uirthi go raibh dúnmharfóir théis lorg coise a fhágáil ar a haghaidh. Dúnmharfóir a bhí ag caitheamh Doc Martins.

Chas m'athair ar uafás i ndiaidh uafáis; mo dheirfiúr eile a bhí stríocach, an cara a bhí iomlán oráiste san aghaidh agus iomlán bán gach áit eile agus mise, a raibh an chuma sin orm go raibh mé théis mé féin a ní i vearnais adhmaid.

D'oibrigh gach rud amach sa deireadh, ar ndóigh. Phós mo dheirfiúr agus baineadh go leor grinn as an eachtra ar feadh na mblianta ina dhiaidh sin.

Ach níor fhoghlaim muid ón eachtra seo. Leanamar ar aghaidh mar a bheadh luchta amaideacha ionainn ag íoc airgead maith as fantaise: an fhantaise gur daoine dúchneasacha muid gur breá leis an ngrían muid.

Ba ghnách liom dul ar saoire chun na Spáinne ná pé áit agus mé breá donn ag tús na saoire, dathúil le dath na sciamhlainne. Bheinn mar a bheadh péacóg ionam ag luí faoin ngrían.

Ach de réir mar a thioctadh dath na gréine ar gach duine eile, d'imeodh dath na sciamhlainne uaimse. Agus bheinn fágtha geal bán faoi dheireadh na saoire. Bán gach áit seachas ag na rúitíní, na glúine agus na huillinneacha, na baill choirp sin a bhfuil donnú bréagach an-cheanúil orthu.

D'éirigh mé as an donnú sa deireadh dhá bhliain ó shin. Bhí mé bréan den salachar agus den stró a bhí i gceist leis. Cheap daoine ar dtús go raibh mé tinn. Ach tuigeann siad anois go bhfuil mé bán.

Agus suimiúil, ar ndóigh.

Tá na buidéal uilig curtha sa mbosca bruscair agam. Sna 30í, táim iomlán sásta leis an gcuma nádúrtha atá orm. Táim bródúil as.

Agus ní dhéanann na leapacha gréine sin an oiread damáiste agus a mhaítear...an ndéanann?!

Is iriseoir le Nuacht RTÉ/TG4 í Caoimhe Ní Laighin

### An preas

### Plé

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Tá roinnt scéalta nuachta le cúpla bliain anuas a dhéanann cur síos ar chontúirtí a bhaineann le grián agus le leapacha gréine. An fíricí nó tuairimíocht ba mhó a bhí le brath san alt seo? Cén fáth, dar leat? Tabhair samplaí.
2. Conas atá teanga an ailt seo éagsúil ó théacsanna atá léite agaibh go dtí seo?
3. Cad iad na tréithe a bhíonn ag tuairisceoir maith?
4. Cén tábhacht a bhaineann leis an alt seo i gcomparáid le scéalta faoi, mar shampla, an pholaitíocht?

### An preas

### Teanga

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí líne faoi na comhfhocail sa téacs thuas. Cad iad na rialacha a bhaineann leis na comhfhocail?

Aistrígí beirt anois an abairt seo go Gaeilge: *"Our programme for government "is confident and ambitious...is fair and is truly radical." Working side-by-side, government and people will succeed". He adds: "No party has a monopoly of good ideas," saying he will collaborate with members of the opposition whenever and wherever possible.*

(Tuairisc ar óráid Enda Kenny agus é ag glacadh le hoifig an Taoisigh don chéad uair. Ar fáil ag: <http://www.thejournal.ie/watch-live-dail-proceedings-as-enda-kenny-takes-power-99599-Mar2011/>)

- An gceapann sibh go bhfuil an t-aistriúchán deacair? Cad atá deacair faoi?

## Bileog 10.3

### An nuacht

### Léamh

Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag léamh sliocht ón leabhar *Ar An Taifead* le Breandán Delap ina bpléitear conas scéalta nuachta a roghnú. Ar dtús féachaigí ar theideal an pháosa – cad is brí leis i gcomhthéacs scéalta nuachta? An féidir libh smaoineamh ar mheáin Ghaeilge a phléann le háitiúlachas agus le huilíochas?

- Nuair a bheidh sibh ag léamh na sleachta, cuirigí an fhoirm cheart de na focail thíos sna spásanna tugtha sa téacs.

1. Gaeilge	2. caith	3. an Ghaeltacht	4. mór
5. moladh	6. iarthar	7. (scéal)(beag)	8. an t-eitleán
9. (beag) (Gaeltacht)	10. bás		

### Áitiúlachas nó uilíochas

Dúshlán atá le sárú ag na meáin 1. \_\_\_\_\_ mar sin ná an chothromaíocht chuí a aimsiú idir áitiúlachas agus an freastal is gá a dhéanamh ar an náisiún i gcoitinne. Deir daoine áirithe nach dtugtar dóthain airde ar an ghné logánta ach deir daoine eile go mbítear chomh háitiúil sin go dtig leat do theach a fheiceáil sna tuairiscí! 2. \_\_\_\_\_ cuimhneamh gur dream ilghnéitheach iad pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta agus go bhfuil suim acu i meascán mór ábhar, cosúil le haon phobal eile. Bheadh sé contráilte a rá nach bhfuil suim ag pobal 3. \_\_\_\_\_ ach i scéalta faoi dhrochstaid na mbóithre nó faoi chúrsaí séarachais.

Lena chois sin, níor 4. \_\_\_\_\_ a rá nach gá go gcuirfeadh muintir Leitir Mór suim i scéal áitiúil as Indreabhán gan trácht ar scéal ó Ghaoth Dobhair nó ó Chorca Dhuibhne. Is cuimhin liom agus mé i m'eagarthóir ar *Foinse* gur mhol bean ón Cheathrú Rua mé as scéal a bhí sa nuachtán faoi spideog a bhíodh ag teacht isteach chuig siopa áitiúil gach lá. Thug sí comhairle dom cloí leis an chur chuige sin agus go ndíolfaí i bhfad níos mó cóipeanna dá bharr. Bhí mise breá sásta leis an 5. \_\_\_\_\_ agus shíl mé go mbeadh lúcháir uirthi a chluinstin go raibh scéal beag deas den chineál céanna againn ón Spidéal an tseachtain sin. Ach bhí dul amú orm. 'An Spidéal' a deir sí. 'Ní shin áitiúil!' Mar a deirim, ní gá go gcuirfeadh muintir na Ceathrú Rua suim i scéal áitiúil as an Spidéal gan trácht ar scéal ó cheantar Gaeltachta eile. Ó tharla go bhfuil formhór na meán Gaeilge lonnaithe sa Ghaeltacht, bíonn fuilleach scéalta acu a bhaineann le 6. \_\_\_\_\_ na hÉireann. Is féidir scéal mór náisiúnta a chriathrú trí lionsa na Gaeltachta. Ar ndóigh, caithfear cothromaíocht a aimsiú agus gan a bheith ag clúdach 7. \_\_\_\_\_ gan úsáid ó iarthar na hÉireann fad is atá an saol mór ag titim as a chéile. Ach is féidir toise Gaeltachta a aimsiú i go leor scéalta.

Nuair a tharla tragóid an 11 Meán Fómhair, mar shampla, d'aimsigh na meáin Ghaeilge a gcuid scéalta féin a bhain go sonrach leis an iarthar agus leis an Ghaeltacht. Bhí scéal acu ar fad nach mór faoi chailín a rugadh i Ros Muc agus a bhí in ainm is a bheith ag obair mar aeróstach ar cheann de 8. \_\_\_\_\_ a fuadaíodh, ach gur athraíodh a sceideal oibre. Bhí scéal eile acu faoi na himpleachtaí móra a bheadh ag an ionsaí d'Éireannaigh a bhí ina gcónaí i Meiriceá go mídhleathach mar go mbeadh dianshlándáil i bhfeidhm sna calafoirt agus sna haerfoirt agus go mbeadh ar fhostóirí cuntais chruinne a choinneáil ar gach duine a bhí fostaithe acu. Bhí cuntais acu fosta ó dhaoine le Gaeilge ó gach cearn den tír a chonaic cad a tharla ar an lá. Is sampla é seo den dóigh go bhféadfadh go mbeadh ciallachais thromchúiseacha ag eachtra mhór idirnáisiúnta do phobail 9. \_\_\_\_\_ in iarthar na hÉireann. Is beag a chreidfeadh fosta go mbeadh aon bhaint ag bás Yasser Arafat i 2004 le monarcha i gConamara. Ar ócáid a 10. \_\_\_\_\_, bhí tuairisc ag Nuacht TG4 ar na scaireanna a bhí ag Údarás na Palaistíne agus baill de theaghlach Arafat i gcomhlacht as Ceanada a bhí mar phríomhaí ag an am sa chomhlacht *Bioniche* in Indreabhán!

**An nuacht****Plé**

Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cad é do thuairim faoin sliocht seo?
2. Tabhair sainmhíniú ar cad is nuacht ann!
3. An bhféachann tú ar Nuacht TG4? Cad é do thuairim faoi? Conas atá sé difriúil ó nuacht RTÉ1?
4. An féidir leat smaoineamh ar eachtra a tharla sa nuacht le déanaí a chuaigh i bhfeidhm go mór ort? Cad é? Cén fáth a ndeachaigh sé i bhfeidhm ort?
5. An mbíonn an nuacht ródhrámatúil, dar leat?

**An nuacht****Filíocht**

Bí ag obair leis an duine in aice leat – féachaigí ar an dán thíos le Michael Davitt. Cad é téama an dáin, dar libh? Cad atá ar eolas agaibh faoin fhile seo?

**Ó Mo Bheirt Phalaistíneach** - 18 Meán Fómhair 1982, iar bhfeiscint dom tuairisc theilifíse ar shlad na bPalaistíneach i gcampaí Sabra agus Chatilla i mBeiriút.

Bhrúigh mé an doras oiread a ligfeadh solas cheann an staighre orthu isteach:	a hinchinn sícín ag aiseag ar an bpiliúr, putóg ag úscadh as a bholgsan mar fheamainn ar charraig,
na héadaí leapa caite díobh acu iad ina luí sceabhach mar ar thiteadar:	ae ar bhraillín, leathlámh fhuilthéachta in airde. Ó mo bheirt Phalaistíneach ag lobhadh sa teas lárnach.
a gúna oíche caite aníos thar a mása fuil ar a brístín lása, as scailp i gcúl a cinn	

**Bileog 10.4****An scannánaíocht****Plé**

Beidh tú ag féachaint ar mhír ón chlár *Scéalta ón Ríocht* ar ball. Ag obair leis an duine in aice leat freagraí na ceisteanna thíos.

**Scéalta ón Ríocht - 22/3/09**

Sa bhliain 1910 tháinig criú scannáin as Meiriceá go dtí Lios an Phúca i gCiarraí chun scannáin a dhéanamh ann. Rinne an stiúrthóir Sidney Olcott as Ceanada cinneadh na scannáin a thaifeadh anseo mar go raibh ceangal ag a theaghlach le hÉirinn. Rinne taifeadh ar níos mó na 20 scannán i Lios an Phúca agus d'éirigh thar cionn leo.

1. An chuala tú trácht ar Sidney Olcott?
2. Cad iad na scannáin atá ar eolas agat a rinneadh in Éirinn? Cad é do thuairim fúthu?
3. Cad a cheapann tú faoi scannánaíocht na hÉireann go ginearálta?
4. Cad iad na scannáin Éireannacha is fearr, dar leat? Cén fáth?
5. Ar cheart do rialtas tíre airgead mór a chaitheamh ar scannánaíocht?

**An Scannánaíocht****Éisteacht**

- A. Leis an duine atá in aice leat, scríobhaigí sainmhínithe do na téarmaí scannánaíochta seo:  
 Gearrscannán    Stiúradh    Láthair    Nuálaí
- B. Anois, éistigí leis an mhír uair amháin agus scríobhaigí in aon abairt amháin ábhar na míre.
- C. Éistigí leis an mhír don dara huair. Cén chanúint atá ag na cainteoirí sa mhír? Cad is féidir libh a rá faoi na briathra a úsáidtear sa mhír?
- D. **'i dtír'** – féachaigí ar na samplaí seo de nathanna cainte a bhfuil an focal 'tír' iontu. Cuirigí in abairtí na nathanna lena mbrí a léiriú.  
 béal na tíre    teacht i dtír ar rud    teacht i dtír ar dhuine    an mhórhír

**An teilifís****Plé**

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

- Cad iad na cineálacha clár teilifíse a bhfuil dúil agat iontu?
- An cur amú airgid é TG4, dar leat?
- An féidir leis an duine a fhéachann ar an teilifís go rialta tuairimí a bheith aige nach bhfuil claonta ag an mhéid a fheiceann sé?
- Cad a cheapann tú faoi theilifís réaltachta?
- An síleann tú go bhfuil cainéil áirithe faoi thionchar rialtas na tíre seo?
- Is minic a thuairiscíonn gnáthdhaoine eachtraí móra lena ngutháin phóca nó lena gceamaraí digiteacha - cad é do bharúil faoi seo?
- An mbeifeá in ann seachtain a chaitheamh gan a bheith ag féachaint ar an teilifís?
- An bhfuil an iomarca fógraí ar an teilifís, dar leat?

